

SIAMSÁN SA MBAILE!

Déan Roicéad sa bhaile

Tá an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil. 'Spás' téama na seachtaine seo!

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thu-ismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 13 Bealtaine mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00in an lá sin. Go n-éirí libh!

An Duais: Deis ar dhearbhan dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

Déan do roicéad féin.

Ag teastáil uait:

- Rolla páipéar leithris/cistine (folamh)
- Scragall Stáin (roghnach)
- Páipéar dearg & oráiste (is féidir páipéar bán a dhathú)
- Páipéar cruá (bheadh bosca gránach iontach anseo)
- Siosúr
- Gliú nó téip ghreamaitheach
- Pinn dhaite nó péint

1. Faigh rolla páipéar leithris/cistine folamh agus maisigh é. Is féidir é a chlúdach le scragall stáin nó le páipéar ag úsáid gliú nó an téip ghreamaitheach. Ansin, is féidir an páipéar a dhathú isteach le pinn dhaite nó péint. Ná déan dearmad fuinneoga a chur ar do roicéad. Is féidir fuinneoga a ghearradh amach as páipéar agus iad a ghreamú den pháipéar nó den scragall stáin. Is féidir do roicéad a mhaisiú le greamáin freisin.

2. Chun cloigeann a chur ar do roicéad, teastaíonn páipéar cruá uait. Gearr amach ciorcal as an bpáipéar cruá, chomh mór le babhla (leag bunoscionn ar an bpáipéar é agus tarraing timpeall ar an imeall). Ansin tarraing líne dhíreach ón imeall chuig lár an chiorcail. Tarraing líne eile ansin ón lár go dtí an t-imeall chun triantán a dhéanamh. Gearr amach an triantán le siosúr. Ansin, as an méid atá fágtha, lúb an dá líne dhíreacha isteach ar a chéile chun cón a chruthú. Úsáid gliú nó téip chun an cón a choinneáil le chéile. Is féidir an cón a dhathú agus a mhaisiú. Greamaigh an cón de bharr an rolla le gliú nó téip.

3. Anois, caithfear an tine a dhéanamh. Faigh do pháipéar dearg & oráiste agus gearr suas ina stiallacha iad. Greamaigh na stiallacha d'íochtar an rolla, taobh istigh.

4. Tá tú réidh chun tabhairt faoin spás!

'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Thuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta